

## **Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta (DIGIT)**

Foilsíú folúntais le haghaidh phost an Stiúrthóra um Chlaohlú Digiteach (DIGIT.A)

(Grád AD 14)

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2023/10425

### **Cé sinn?**

Is é DIGIT a stiúrann claohlú digiteach an Choimisiúin. Cuireann sé comhairle straitéiseach agus seirbhísí digiteacha athléimneacha slána ar fáil do ranna an Choimisiúin agus d'institiúidí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais. Cuidíonn sé freisin le húdaráis riaracháin phoiblí na hEorpa oibriú le chéile ar bhealach níos fearr.

Is é is aidhm dó go mbeadh an Coimisiún Eorpach ina eagraíocht shonraíbhunaithe agus úsáideoir-lárnach, agus gurb iad na dearbhuithe slándála is airde a bheadh aige, trí na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas a shaothrú:

- Go gcuimhníonn an fhoireann ar an réiteach digiteach ar dtús agus go nglacann siad leis na bealaí nua oibre agus comhair, rud a chothaíonn nuálaíocht
- Go mbíonn beartais sonraíbhunaithe agus go bhforbraítear iad i bhfianaise na ngnéithe digiteacha uile ón tús
- Go gcuirtear tacaíocht ar fáil le haghaidh an chlaohlaithe gnó, le córais TF cuíchóirithe faoi rialachas TF corparáideach éifeachtach
- Go bhfuil an bonneagar TF slán, iontaofa, costéifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin
- Go bhfuil sonraí agus córais an Choimisiúin cosanta go maith i gcoinne cibirionsaithe

Spreagann agus comhordaíonn Stiúrthóireacht A forbairt agus cur chun feidhme phrionsabail, bheartais agus thionscadail an chlaohlaithe dhigitigh. Mar phointe iontrála aonair do shaineolas DIGIT, comhordaíonn sí soláthar comhairle straitéisí agus teaicticiúla do ranna uile an Choimisiúin, agus tacaíonn sí freisin le sruthlíniú an tírdhreacha TF, cuidíonn sí le hobair na gcomhlachtaí rialachais TF, agus soláthraíonn sí réitigh dhigiteacha chorpóraideacha.

### **An tairiscint**

Laistigh de DIGIT, tá Stiúrthóir DIGIT.A freagrach as díriú agus bainistiú straitéiseach foriomlán na Stiúrthóireachta agus as an bpróiseas trína dtugann DIGIT comhairle straitéiseach agus theaicticiúil do ranna an Choimisiúin maidir lena gclaohlú digiteach agus maidir le sainathint na réiteach TF ar na riachtanais ghnó atá acu. Tá an méid sin laistigh den chreat a leagtar síos i ráiteas misin agus i glár oibre bliantúil an Ard-Stiúrthóra. Cuireann an Stiúrthóireacht réitigh ar fáil do roinnt ranna de chuid an Choimisiúin, agus b'eim ar leith á leagan ar réitigh chorpóraideacha. Mar chuid d'fhoireann bainistíochta shinsearach DIGIT agus i ndlúthchomhar le stiúrthóirí eile DIGIT, cuireann Stiúrthóir DIGIT.A le forbairt agus cur chun feidhme straitéisí agus oibríochtaí foriomlána DIGIT, agus le forbairt agus cur chun feidhme Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin.

Bíonn an Stiúrthóir mar ionadaí ar DIGIT agus ar a Ard-Stiúrthóir in imeachtaí seachtracha agus inmheánacha, agus is é a bhíonn chun tosaigh go seachtrach maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin an Choimisiúin i réimse an chlaohlaithe dhigitigh.

Tá an Stiúrthóireacht comhdhéanta de 5 aonad atá lonnaithe sa Bhruiséil; tá cuid de na haonaid ann a bhfuil baill foirne acu sa Bhruiséil agus i Lucsamburg araon:

DIGIT.A.1 – Claohlú Digiteach Corparáideach.

DIGIT.A.2 – Réitigh le haghaidh deontas agus soláthair.

DIGIT.A.3 – Réitigh le haghaidh na reachtaíochta, an bheartais agus na n-acmhainní daonna.

DIGIT.A.4 – Réitigh in-athúsáidte.

DIGIT.A.5 – Cumas innealtóireachta bogearraí.

Tá an Stiúrthóir lonnaithe sa Bhruiséil agus feidhmíonn sé faoi mhaoirseacht dhíreach an Ard-Stiúrthóra. Tá an Stiúrthóir freagrach as thart ar 110 mball foirne reachtúla agus thart ar 420 soláthraí seirbhíse seachtracha agus bainistíonn sé buiséad de thart ar EUR 110 milliún.

### **Cad atá á lorg againn? (na critéir roghnúcháin)**

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

#### **Scileanna bainistíochta**

- Taithí láidir maidir le pleanáil agus bainistiú éifeachtach ar acmhainní daonna (foirne móra ilnáisiúnta, ilteangacha agus ilchultúrtha) agus ar bhuiséid (go háirithe, tuiscint ar shamhlacha costais caighdeánacha agus ar shásraí um dháileadh costais, tuairisciú agus cuntasacht);
- Cumas léirithe foireann mhór a stiúradh, a dhíriú agus a spreagadh, ar foireann í a athraíonn gan staonadh agus atá comhdhéanta de ghairmithe TF agus riaracháin a bhfuil ard-inniúlacht acu; sárscileanna bainistíochta agus an cumas eagraíocht atá dírithe ar sheirbhís a stiúradh i dtimpeallacht ilchultúrtha;
- Miontaithí agus eolas ar phrionsabail, ar bheartais agus ar thionscadail i réimse an chlaohlaithe dhigitigh;
- an cumas caidreamh den scoth a fhorbairt agus a chothabháil le seirbhísí eile sa Choimisiún, le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;
- taithí léirithe i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as bealaí nua oibre, ó thaobh na heagraíochta de agus ó thaobh na n-impleachtaí don chlaohlú digiteach i riarachán phoiblí.

#### **Sainscileanna agus saintaithí**

- Tuiscint agus cumas léirithe i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn roimh eagraíochtaí móra le linn próiseas claohlaithe dhigitigh; taithí ar rialachas TF agus ar réitigh dhigiteacha ar mhórsála; taithí ar ról comhairleach straitéiseach maidir le TF laistigh d'eagraíocht mhór;
- an saineolas chun straitéis teicneolaíochta agus seirbhíse na Stiúrthóireachta a leagan síos agus chun gníomhaíochtaí soláthair a threorú ar bhealach costéifeachtúil i ndlúthchomhar le stiúrthóirí agus ranna eile de chuid an Choimisiúin;
- tuiscint mhaith ar bheartais agus spriocanna straitéiseacha an Choimisiúin agus ar a phróiseas cinnteoireachta chomh maith; an cumas pleananna gníomhaíochta a shainiú, go háirithe ó thaobh phróiseas an chlaohlaithe dhigitigh;
- bheadh taithí ar an gclaohlú digiteach ar leibhéal an Aontais ina buntáiste breise.

- bheadh cáilíochtaí ábhartha sa teicneolaíocht faisnéise agus i réimsí gaolmhara, an tslándáil, an bhainistíocht riosca, an iniúchóireacht mar shampla, ina mbuntáiste breise.

### **Buanna pearsanta**

- ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta; cur chuige comhoibritheach agus an-dearfach chun misean na stiúirthóireachta a bhaint amach i ndlúthchomhar le stiúirthóirí eile in DIGIT
- cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- an-tuiscint don rúndacht agus don stuaim;
- sárscileanna anailíse, an cumas príomhphointí a shainiú, spriocanna straitéiseacha a ghiniúint agus a fhorbairt, agus moltaí praiticiúla chun gnímh a dhéanamh díobh sin;

### **Na critéir atá le comhlíonadh ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)**

Is ar bhonn na gcritéir foirmiúil seo a leanas amháin, nach mór iad a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á déanamh:

- **Náisiúntacht**: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- **Céim nó dioplóma ollscoile**: ní mór d'iarrthóirí:
  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí bliana amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).
- **Taithí ghairmiúil**: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana ar a laghad a bheith acu<sup>1</sup> ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí a bhfuil tagairt dóibh thuas.
- **Taithí bhainistíochta**: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte acu i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil<sup>2</sup>.
- **Teangacha**: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh<sup>3</sup> agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas

<sup>1</sup> Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhrí atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar obair cheart a bhfuair an t-iarrthóir pá aisti mar fhostaí (ar aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Tá saoire mháithreachais/saoire do thuismitheoirí/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Is cuid den taithí ghairmiúil í an chéim dhochtúra, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach uastréimhse 3 bliana atá i gceist sa chás sin, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach aon uair amháin.

<sup>2</sup> Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon srathanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) an líon piaraí.

<sup>3</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.

- Teorainn aoise: ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois atá sainithe d'oifigigh an Aontais mar dheireadh na míosa inar shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 52, pointe (a), de na Rialacháin Foirne<sup>4</sup>).

## **Roghnú agus ceapadh**

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnú agus an ceapachán (féach: An Doiciméad faoin mBeartas maidir le hOifigigh Shinsearach<sup>5</sup>).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais uile, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin a luaitear thuas, iarrthóirí a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh le CCA dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a réachtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach don fheidhm.

Is é/í an Comhalta (nó na Comhaltaí) ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta CCA.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapacháin.

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgaís an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a rinne údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar

<sup>4</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

<sup>5</sup> [https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission\\_en#vacancies](https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission_en#vacancies) (le fáil i mBéarla amháin)

aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imreiteach slándála pearsanta agus go gcuirfear an nós imeachta imreitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

## **Comhdheiseanna**

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, tá cuspóir straitéiseach á shaothrú ag an gCoimisiún an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

## **Coinníollacha fostaíochta**

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Earcófar an t-iarrthóir a roghnófar mar oifigeach ar ghrád AD14. Rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad na taithí gairmiúla a bheidh aige an tráth sin.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar a thabhairt dá aire go gceanglaítear faoi na Rialacháin Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is í an Bhruiséil an áit fostaíochta, mar a bhfuil Stiúrthóireacht A Ard-Stiúrthóireacht DIGIT lonnaithe.

## **Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Sula rachaidh an t-iarrthóir a roghnófar i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

## **Eolas tábhachtach d'iarrthóirí**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indéach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

## **Sonraí pearsanta a chosaint**

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup>. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

## Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Na critéir atá le comhlíonadh ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplómaí, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má tá aon cheanglais incháilitheachta ann nach gcomhlíonann tú, eisiafar go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin thú.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass más féidir é<sup>7</sup>, agus litir inspreatha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreatha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

**Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost.** Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: [HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu](mailto:HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu)

Is fútsa atá sé do chlárú ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúcháin ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

## Dáta deiridh

<sup>6</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>7</sup> Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv>

Is é an **17/03/2023, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.